NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10771 – PLD / NBIM / UNIPART GROUP CAR PARK)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 208/04)

1. An 13 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Prologis, L.P. ("PLD", Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Norges Bank Investment Management ("NBIM", an Iorua),

— Unipart Group Car Park ("Spriocshócmhainn", An Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh PLD agus NBIM comhrialú ar an Spriocshócmhainn ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach sócmhainní atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá réadmhaoin faoi úinéireacht PLD, agus déanann sé an mhaoin sin a oibriú agus a fhorbairt, chun críoch tionsclaíoch go príomha, i gCríocha Mheiriceá, san Eoraip agus san Áis,

— Cuireann NBIM infheistíocht institiúideach ar fáil don Government Pension Fund Global thar ceann Aireacht Airgeadais na hIorua, ag díriú ar infheistíochtaí domhanda lena n-áirítear infheistíochtaí réadmhaoine i Meiriceá Thuaidh, san Eoraip agus sa tSeapáin,

— Is carrchlós atá lonnaithe in Nuneaton na Ríochta Aontaithe é an Spriocshócmhainn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10771 – PLD / NBIM / UNIPART GROUP CAR PARK

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË